# Sraith 2:Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead!

D'íoc beirt dhéagóirí as ticéid cheolchoirme le cárta nár leo.

**Pictiúr 1: Chonaic Ciara agus Colm fógra faoi choirmcheoil ar an Idirlíon.**

Bhí Ciara agus a deartháir Colm ag scimeáil ar an Idirlíon ar an ríomhaire sa bhaile nuair a chonaic siad fógra do choirm cheoil a bheadh ar siúl i Staid Aviva i mBaile Átha Cliath. Caoga euro an ceann a bhí ar na ticéid.
Dúirt Colm go mbeadh banna ceoil iontach ag seinm ann agus gur mhaith leis iad a fheiceáil. Dúirt sé go bhféadfaidis na ticéid a cheannach le cárta creidmheasa a n-athar. Bhí Ciara sásta. Bhí a fhios ag Ciara go bhfágadh a hathair an cárta ar an matal agus bhí an uimhir rúnda de ghlanmheabhair aici.

**Pictiúr 2. Cheannaigh siad na ticéid le cárta nár leo.**

D'aimsigh Colm cárta creidmheasa a athar agus d'fhéach sé ar a dheirfiúr. D'fhéach sise sna súile air agus thoiligh sí na ticéid a cheannach leis an gcárta. Ní dúirt sí lena deartháir stad. Líon Colm an fhoirm ar líne. Scríobh sé uimhir an chárta agus cheannaigh sé na ticéid le €100 (céad euro) a chúbláil sé as cuntas bainc a athar i nganfhios dó agus gan chead uaidh. Níor iarr ceachtar acu cead. Bhí siad araon ciontach.

**Pictiúr 3. Chuaigh siad chuig an gcoirm cheoil.**

Chuaigh Ciara agus a deirfiúr chuig an gcoirmcheoil i Staid Aviva. Bhí sé go hiontach. Bhain siad an-taitneamh as na bannaí go léir a sheinn ar an ardán. Bhí na mílte duine i láthair. Bhí na seastáin go léir plódaithe agus an pháirc féin chomh maith. A leithéid d'atmasféar níor airigh Colm ná Ciara ariamh lena mbeo. Casadh daoine deasa orthu. Chuir Colm aithne ar chailín deas a bhí taobh leis agus bhí fear deas in aice le Ciara.

**Pictiúr 4. Scrúdaigh a n-athair a ráiteas bainc. Chonaic sé gur caitheadh €100.**

Níorbh fhada ina dhiaidh sin go bhfuair a n-athair ráiteas dá chárta creidmheasa. Dar ndóigh chonaic sé ceannachán nár aithin sé láithreach. €100 do cheolchoirm Aviva? Bhí a fhios aige ar an toirt go gcaithfeadh sé labhairt leis an mbeirt óg. Is léir ón dreach a bhí air nach mó ná sásta atá sé gur baineadh airgead as a chuntas i nganfhios dó agus gan chead. Bhí cuthach feirge air.

# Sraith 2:Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead!

**Pictiúr 5. Ghlaoigh an t-athair ar a mhac agus ar a iníon.**

Is ansin a bhí an lasair sa bharrach. D'inis an t-athair an scéal dá bhean, máthair Chiara agus Choilm. Chuir siad fios ar an mbeirt. D'fhiafraigh siad díobh an bhféadfaidis míniú a thabhairt ar an mbeart airgeadais seo nuair a ceannaíodh ticéid ceolchoirme ar €100. Bhí an bheirt acu maolchluasach go leor. D'admhaigh Ciara láithreach go ndearna siad botún, gur chóir go n-iarrfaidis cead sula ndéanfaidis a leithéid, agus go raibh brón uirthi. Bhí Colm beagán níos dalba sa mhéid is go ndearna sé iarracht leithscéal a chumadh. "Bhuel, cheap mé nár mhiste leat," ar seisean.

**Pictiúr 6. B'éigean dóibh cúiteamh a dhéanamh as an airgead a chaith siad.**

Ní fios cad a dúirt an t-athair leo ach is léir gur cuireadh píonós orthu. Dúradh leo go gcaithfidis an €100 sin a aisíoc lena dtuismitheoirí trí obair ghlantacháin sa teach a dhéanamh. Sa phictiúr deireanach feictear an bheirt ag obair go dian dícheallach agus na tuismitheoirí ina seasamh sa doras agus péire uillinneacha orthu araon. Tá Ciara ag folúsghlanadh an bhrait urláir sa seomra suite agus tá Colm ag ní na fuinneoige. Tugtar leid dúinn ar na smaointe atá in aigne na beirte. Is léir go bhfuil ceacht foghlamtha acu agus nach ndéanfaidh siad a leithéid sin de chúbláil arís go deo.